Admháil go bhfuarthas ilghearán faoi shárú líomhnaithe a bheith déanta ag an Ísiltír ar rialacha an Aontais Eorpaigh maidir le hiascaireacht bíge.

Uimhir thagartha: CHAP (2020)02862

Tá líon mór gearán faighte ag an gCoimisiún agus táthar ag fáil go fóill líon mór gearán faoi iascaireacht bíge san Ísiltír.

Rinne an Coimisiún na gearáin sin a iontráil i gclárlann lárnach na ngearán faoin uimhir thagartha CHAP(2020)02862 agus déanfaidh sé an rud céanna le haghaidh na ngearán atá ar na bacáin faoin ábhar céanna. Is féidir tuilleadh faisnéise faoin ngearán atá agat a chur faoi bhráid na bpointí teagmhála a liostaítear anseo. Is ceart an uimhir thagartha atá luaite thuas a chur san áireamh.

Ós rud é go bhfuil líon suntasach gearán faighte ag an gCoimisiún maidir leis an ábhar sin, tá an admháil fála seo á foilsiú aige ar an leathanach ábhartha de shuíomh gréasáin Europa d'fhonn freagairt thapa a thabhairt ar na daoine sin lena mbaineann agus iad a chur ar an eolas, agus an pobal i gcoitinne á chur san áireamh a bhféadfadh leas a bheith acu sa tsaincheist atá na gearánaigh a ardú. Is ar an mbealach céanna a gcuirfear na gearánaigh ar an eolas faoi thorthaí an scrúdaithe atá á dhéanamh ag an gCoimisiún ar na gearáin sin agus faoi aon bheart leantach a chinnfidh an Coimisiún a dhéanamh.

Déanfaidh an Coimisiún an gearán a mheas i bhfianaise dhlí an Aontais Eorpaigh is infheidhme agus i gcomhréir leis na tosaíochtaí a leagtar síos sa Teachtaireacht ón gCoimisiún 'Dlí an Aontais Eorpaigh: Torthaí níos fearr a bhuí le cur i bhfeidhm níos fearr'[1].

Tabhair do d'aire, má chinneann an Coimisiún gníomhú tar éis do ghearán a fháil, lena n-áirítear tús a chur le nós imeachta foirmiúil um shárú, is é an aidhm a bhíonn aige i gcoitinne a áirithiú go bhfuil dlí an Bhallstáit i gcomhréir le dlí an Aontais Eorpaigh agus go bhfuil sé á chur i bhfeidhm i gceart. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé nach réiteach ar do chás sainiúil féin é gearán a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Chun sásamh a fháil, lena n-áirítear cúiteamh má tá bonn cirt leis, ba cheart duit gníomhú ar an leibhéal náisiúnta sa Bhallstát lena mbaineann. Nuair a chuirtear gearán faoi bhráid an Choimisiúin, ní chuirtear siar an teorainn ama le tús a chur le caingean dlí faoin dlí náisiúnta. I bhfeidhmiú na lánrogha atá aige, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh freisin gan tús a chur le nósanna imeachta foirmiúla um shárú, fiú má mheasann sé gur sáraíodh dlí an Aontais Eorpaigh.

Trí réamhshocrú, beidh seirbhísí an Choimisiúin ag déileáil le do ghearán faoi rún. Sa chás go roghnaíonn gearánach gan a chuid sonraí a choimeád faoi rún san fhoirm ghearáin, agus sa chás sin amháin, féadfaidh ranna an Choimisiúin céannacht an ghearánaigh agus aon fhaisnéis eile a chuir an gearánach sin faoina mbráid a nochtadh d'údaráis an Bhallstáit ar ina choinne a bhfuil an gearán déanta. Féadfaidh sé a bheith fíor-riachtanach céannacht an ghearánaigh a nochtadh i gcásanna áirithe chun déileáil leis an ngearán.

Tá feidhm ag sainráiteas príobháideachais maidir le láimhseáil na ngearán.

[1] C(2016)8600.